



# AN TAOBH Ó THUaidh

agus ar fud na cathrach

*Ná labhair faoi ach déan é*

**BEANNACHTAÍ  
NA NOLLAG  
DAOIBH GO LéIR!**

## TAOBH ISTIGH:

IMLEABHAR 6 EAGRÁN 6

SAMHAIN—NOLLAIG 2019

Ceacht beag 2

Dorchadas (dán) 2

Luimnigh 2

An Fómhar (dán) 2

Scéal grinn 3

Bothán na bhFear:  
Domhnach Bat -  
Port Reachrainn 4

Leabhair don  
Nollaig 5

Lá i mBaile Átha Í 6

Cliara agus an  
Taobh ó Thuaidh 7

Howzat! - Éinne  
don chruicéid? 8

Reachrainn 9

Crosfhocal &  
Cuardach focal 10

Foclóir 11

Siúlóirí na hAoine 12

## SMAOINIGH SIAR

Bliain eile imithe agus an ghnáthcheist agam. An bhfuil an Ghaeilge níos treise nó níos laige ná anuraidh. An bhfuilimid ag dul ar aghaidh nó ag titim siar? Fágfaidh mé na freagraí daoibhsean! Forbairt mhaith ab ea fostú chuid na nOifigeach Teanga sa Ghaeltacht. Forbairt áitiúil ab ea Féile Rí Rá Chois Bá agus leanúint na dTob-Gaeltachtaí. Díomá mór ab ea easpa Acht na Gaeilge sna Sé Chontae agus easpa bille do leasú Acht na Gaeilge sna Fiche Sé Chontae.

Foilsíodh an 6<sup>ú</sup> himleabhar de *An Taobh ó Thuaidh* agus timpeall 230 cóip díolta gach eagrán. Sin dul chun cinn ó 140 cóip i 2014. Gabhaim buíochas do 26 scríbhneoir i 2019: Nuala Bhreathnach (dán), Tomás Breatnach (dán), Máire Blundell, Mari Enright, Eilís Hickey, Proinsias Mac an Bheatha, Ralf Mac Diarmada (luimneach), Pádraig Mac Éil (ailt agus luimneach), Ben Mac Lochlainn, Muireann Murtagh, Emily Nic Éil, Críostíona Ní Choisdealbha, Rita Ní Ghóilín (dánta, luimnigh), Seán Ó Ceallaigh, Diarmaid Ó Faoláin, Seán Ó Fearghail, Pádraig Ó Gláimhin, Seán Ó hAodha (ailt agus luimnigh), Ceallach Ó Laoghóg (alt agus luimnigh), Antóin Ó Mathúna, Pádraig Ó Muircheartaigh (dánta), Antóin Ó Shéaghdha, Seosaimhín Ruiséal, Jean Somers, Áine Uí Mháirtín, agus Áine Uí Mharcaigh (luimnigh). A léitheoirí uile, déanaigí tréaniarracht bheith ar an liosta do 2020.

Tá súil agam go mbeidh Nollaig shona shláintiúil Ghaelach ag na léitheoirí go léir. Bí gníomhach ar son na Gaeilge san Athbhliain!



## CEACHT BEAG GAEILGE: AIDIACHTAÍ SEALBHACHA SA CHAINT



Ní chuirtear béim ar na haidiachtaí sealbhacha nuair atáthar ag caint sa Ghaeilge. Is gá na foirmeacha treise a úsáid.

teach s'agamsa, teach s'agatsa, teach s'aigesean, teach s'aicise -  
(my/your/his/her house);  
teach s'againne, teach s'agaibhse, teach s'acusán -  
(our/your/their house).



	i ndiaidh consain chaoil		i ndiaidh consain leathain	
mo (my)	+ -se	mo ghruaigse (hair)	+ -sa	mo shrónsa (nose)
do (your)	+ -se	do shúilse (eye)	+ -sa	d'fhearsa (man)
a (his)	+ -sean	a uncailsean (uncle)	+ -san	a ordógsan (thumb)
a (her)	+ -se	a huncailse (uncle)	+ -sa	a hordógsa (thumb)
ár (ours)	+ -ne	ár scoilne (school)	+ -na	ár macna (son)
bhur (your)	+ -se	bhur leabhairse (books)	+ -sa	bhur dteachsa (house)
a (their)	+ -sean	a dtírsean (country)	+ -san	a mbádsan (boat)

### Dorchadas

Tá an bhean trasna uaim faoi bhrón,  
Is féidir sin a fheiceáil ina haghaidh  
Agus tá sí ag caint léi féin go ciúin.  
Tá an inní ina croí soiléir.  
Cad a tharlóidh le cuidiú léi  
Le héalú óna trioblóidí mór?  
An dtaispeánfaidh duine grá di  
Nó an leanfaidh an t-éadóchas gan trua?  
Anois tá mé ag fágáil an tseomra  
Ina bhfuil pictiúir is scátháin  
Caithfidh mé éalú is dul amach  
Is mé chomh brónach ag scríobh an dáin.

Rita Ní Ghóilín

### LUIMNIGH

Bhí fear uair amháin ó Phort Reachrainn  
Chuaigh timpeall na tíre ar mhórseachrán  
Phóg sé na cailíní go léir  
Chuir sin fearg mhór ar na fir  
Anois tá sé i bhfolach sa Laplainn.

Seán Ó hAodha

Bhí beirt chailíní óga ó Phort Láirge  
Ag seoltóireacht toinne cois farraige  
Le gaoth aniar ar a gcúl  
Sheol siad an-tapúil  
Gur shroich siad an Bhreatain thar saíle.

Seán Ó hAodha

### An Fómhar

An séasúr is fearr liom an fómhar,  
Imíonn an teas uainn nach mór,  
Filleann an fuacht chugainn,  
Go bog, go deas ciúin,  
Laethanta gearra, oícheanta fada,  
Comharthaí soiléire an fhómhair.



Éin ag imeacht ar nós na gaoithe,  
Ainmhithe fiáine ag dul a chodladh,  
Gan tada sa deireadh ach crainn a bheith lom  
Is duilleoga lofa sa chré.

Pádraig Ó Muircheartaigh

Bhí cailín ann uair i gCluain Tarbh  
D'ith béile Síneach, milis is searbh.  
Ar a trí, ar maidin, ó mo bhrón,  
Í sa leithreas ag caoineadh is ag olagón,  
'Ó a Dhia, b'fhearr liomsa bheith marbh'.

Áine Uí Mharcaigh

Ag pop-up-Ghaeltacht bhí bean óg  
A rugadh is a tógadh i gCúlóg.  
Arsa sí le garsún a bhí ag an mbeair  
Ó a ghrá, a stór, mo ghile mear  
Ba bhreá liomsa tú a phóg!

Áine Uí Mharcaigh



## SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Pádraig Mac Éil

Bhí an múinteoir ag léamh an leabhair, *Fabhalscéalta Aesóip*, dá rang. Nuair a chríochnaigh sí an scéal deireanach bhí obair bhaile aici dá daltaí. ‘Bíodh scéalta dá gcuid féin agaibh don Luan seo chugainn cosúil le scéal ó bhéal Aesóip agus bí cinnte go bhfuil ceacht ag baint le bhur scéalta’. An Luan dár gcionn d’iarr sí ar Nóirín a scéal a insint don rang. ‘Chas Seán ar fear in éadaí gioblacha lá,’ arsa Nóirín, ‘agus thóg sé é go bialann agus fuair sé béile dó. Thug sé airgead dó chun éadaí nua agus lóistín a fháil. Cúpla seachtain níos déanaí tháinig an duine chuig a theach chun insint dó gur mhilliúnaí é agus le seic mór do Sheán. An ceacht: tabhair agus tabharfaí duit!’. ‘Sár-chailín, a Nóirín,’ arsa an múinteoir. Lean sí ag dul ó pháiste go páiste agus bhí scéal agus ceacht ag gach uile duine acu. Ansin tháinig sí go Séamaí. ‘Seo scéal faoi m’uncail Beartla’, a dúirt sé, *Ba shaighdiúir in Arm na hÉireann é a chaith am sa Chongó le Na Náisiúin Aontaithe. Bhuail roicéad an t-eitleán ina raibh sé. Léim sé amach lena pharaisiút agus gan aige ach meaisínghunna, miodóg fhada ghéar agus ceaig beorach. Bhí sé chomh corraithe sin nuair a shroich sé an talamh gur ól sé an beoir go léir. Thosaigh sé ag siúil ansin tríd an dufair. Go tobann tháinig fiche amhas ina threo. Scaoil sé a mheaisínghunna leo agus rinne na hurchair smionagar de deichniúr acu sula raibh sé*



*ídithe. Thug sé ruathar ar na hamhais eile ag sá, ag gearradh, agus ag sceanadh lena mhiodóg fhada. Ach nuair a bhí seisear maraithe aige bhris lann na miodóige. Chaith sé uaidh í agus, agus ag baint úsáide as a dhá lámh, a dhá chos agus a cheann crua mharaigh sé an ceathrar eile’. Bhí tost sa rang nuair a chríochnaigh Séamaí. Bhí na daltaí ina suí agus an chaint bainte díobh ag an scanradh. Bhí an múinteoir ar dhath na luatha, alltacht curtha uirthi leis an scéal. ‘Ach, a..a..a Shéamaí,’ a d’fhiafraigh sí de ghuth creathach, ‘Cén ceacht atá le foghlaim ó do scéal?’ D’fhreagair Séamaí go soineanta, ‘Ná bí ag spochadh as m’uncail Beartla nuair atá sé ólta.’*



### Foclóirín

múinteoir - **teacher**; léamh - **reading**; fabhalscéal - **fable**;  
 dá rang - **to her class**; chríochnaigh - **finished**; deireanach - **final**;  
 obair bhaile - **homework**; dá daltaí - **to her pupils**; seo chugainn - **next**;  
 cosúil - **like**; bí cinnte - **ensure**; ceacht - **moral (lesson)**; ag baint le - **connected with**;  
 dár gcionn - **following**; d’iarr...ar - **asked**; a insint - **to tell**; chas...ar - **met**; gioblach - **tattered**;  
 bialann - **restaurant**; béile - **meal**; lóistín - **accommodation**; níos déanaí - **later**; seic - **cheque**;  
 tabhair - **give!**; thabharfaí duit - **it will be given to you**; lean - **continued**; ag dul - **going**;  
 gach uile - **every**; tháinig - **came**; saighdiúir - **soldier**;  
 Arm - **army**; a chaith am - **who spent time**; sa Chongó - **in the Congo**;  
 Na Náisiúin Aontaithe - **The United Nations**; bhuail - **hit**; roicéad - **rocket**; eitleán - **airplane**;  
 léim - **jumped**; paraisiút - **parachute**; miodóg - **dagger**; fada - **long**; géar - **sharp**;  
 ceaig beorach - **keg of beer**; corraithe - **agitated**; shroich - **reached**; talamh - **ground**;  
 gur ól sé - **that he drank**; go léir - **all**; thosaigh - **started**; tríd - **through**; dufair - **jungle**;  
 go tobann - **suddenly**; tháinig - **came**; fiche - **twenty**; amhas - **mercenary**;  
 ina threo - **towards him**; scaoil - **fired**; rinne ...smionagar de - **made bits of**; urchar - **bullet**;  
 deichniúr - **ten people**; sula raibh - **before**; ídithe - **spent**; urchar - **bullet**;  
 thug...ruathar ar - **charged**; sá - **stabbing**; gearradh - **slashing**; sceanadh - **cutting up**;  
 seisear - **six people**; maraithe - **killed**; bhris - **broke**; lann - **blade**; chaith - **threw**;  
 uaidh - **from him**; ag baint úsáide as - **utilising**; crua - **hard**; ceathrar - **four people**;  
 tost - **silence**; caint bainte díobh ag an scanradh - **in shocked silence**;  
 ar dhath na luatha - **ashen**; alltacht curtha uirthi - **was dumbfounded**; d’fhiafraigh - **asked** ;  
 guth - **voice**; creathach - **trembling** ; foghlaim - **learn**; d’fhreagair - **answered**;  
 go soineanta - **naïvely**; ag spochadh as - **messing with**; ólta - **drunk**;





## BOTHÁN na bhFEAR, DOMHNACH BAT-PORT REACHRANN *Seán Ó hAodha*

San Astráil a thosaigh an ghluaiseacht, *Bothán na bhFear*. Le linn na mblianta 1990 tugadh faoi deara sna hIonaid Sláinte go raibh go leor fadhbanna meabhairshláinte agus sóisialta ag na fir. Tháinig an smaoineamh chun tosaigh go raibh gá ar fhir bualadh le chéile in áit éigean chun cumarsáid, smaointe agus scileanna a chomhroinnt. Go minic bíonn fir ag obair i mbothán sa ghairdín ag deisiú rudaí éagsúla. De bharr cad atá luaite thuas bunaíodh an chéad Bhothán in Tongola, Astráil an 26 Iúil, 1998. Scaipeadh an ghluaiseacht timpeall na tíre agus sa deireadh bunaíodh Bothán na bhFear Astrálach sa bhliain 2007. Fadhbanna den chineál céanna inár dtír féin ba chúis gur bunaíodh Cumann Bhothán na bhFear Éireannach sa bhliain 2011. Ba é sin an chéad Chumann sa leathsféar thuaidh.

Thosaigh ár mbothán féin dhá bhliain ó shin. Chuir cúpla fear as an ngrúpa Seandaoine Gníomhacha fógra timpeall an bhaile ag lorg daoine a raibh suim acu Bothán a chur ar siúl. I rith Shamhradh 2017 bhuaill slua le chéile san ionad áitiúil. Bhíomar ag pleanáil agus ag díospóireacht ar an dúshlán a bhí romhainn. Fuaireamar cead cruinniú a bheith againn gach seachtain i Halla Pluais na nGasóg. Bhí cruinniú againn i Samhain 2017 agus roghnaíomar coiste chun gach rud a eagrú. Chláraíomar le Cumann na hÉireann agus ghlacamar le bunreacht mar is gnáth chun imeachtaí a stiúradh i gceart. Fuaireamar deontas ó Chomhairle Chontae Fhine Gall (CCFG) agus leis an airgead sin cheannaíomar bothán iniompartha portacabin. Bhí cead againn é sin a lonnú laistiar de Phluis na nGasóg.



I rith an ama sin bhíomar ag déanamh idirchaidrimh leis an gComhairle Contae. Mhol siad dúinn cuairt a thabhairt ar Bhotháin eile chun smaointe a fháil dúinn féin. Chuamar go dtí dhá Bhothán, ceann amháin i nDroichead Átha, an ceann eile i Muineachán. Bhí siad den chéad scoth! Bhí halla mór acu agus go leor uirlisí agus gach cineál gléas leictreach chun tionscadail éagsúla a dhéanamh. Fadhb atá le huirlisí ná go mbíonn an t-árachas an-daor! Mar sin chinneamar dúinn féin go mbeadh an bhéim ar imeachtaí sóisialta ar dtús; sé sin, cuairt ar áiteanna éagsúla, cúrsa cócaireachta, eagrú fulachtaí (beárbaiciúnna), cóisir Nollag, cleachtadh ceoil agus mar sin. Sa bhróisiúir atá le fáil maidir le himeachtaí na mBothán tá an iomad rudaí gur féidir a dhéanamh; ealaíona agus ceardaíocht; staidéar teangacha; spóirt de gach sórt; díospóireacht; scileanna ríomhaireachta; cabhrú le himeachtaí áitiúla eile, mar shampla Baile Slachtmhar; tionscadal staire áitiúla; tionscadal sláinte; garraíodóireacht; ceol agus go leor eile.

I rith an tSamhraidh i mbliana bhíomar ag cóiriú agus ag deisiú ár mBotháin. Bhuailimis le chéile gach Déardaoin. Bhíodh timpeall deichniúr ar an meán i láthair. Tionscadal atá ar siúl ag an nóiméad ná Binse Comrádaí a dhearadh agus a thairiscint do scoil áitiúil. Mhol ball amháin dúinn cabhrú leis an ngrúpa atá i



mbun Baile Slachtmhar agus tá sé sin mar bheartas againn sa todhchaí. Rud eile, tá leithroinnt ar cíos againn ó CCFG agus tá muid gnóthach á glanadh agus á hullmhú i gcomhair Earrach 2020.

Má tá eolas eile ag teastáil ag daoine féach ar an suíomh

[mensshed.ie](http://mensshed.ie).





## LEABHAIR DON NOLLAIG


Pádraig Mac Éil

Ag am seo na bliana, aimsir na Nollag, bíonn na siopaí leabhar plódaithe agus daoine ag iarraidh leabhair de gach saghas a cheannach. Faraor, go minic ní bhíonn mórán leabhar Gaeilge ar taispeáint sna siopaí céanna. Ba cheart do gach Gaeilgeoir iarracht a dhéanamh tacaíocht a thabhairt do na foilsitheoirí atá ag foilsiú leabhar i nGaeilge. Má cheannaíonn sé/sí leabhar amháin dó/di féin agus ceann eile do chara/gharpháiste tabharfaidh sé spreagadh mór do na comhlachtaí sin, agus do na húdair a scríobhann iad. Nuair a bhíonn mise ag lorg leabhar i nGaeilge téim go dtí [litríocht.com](http://litríocht.com) i dtús. Deirtear go bhfuil cur síos ar gach leabhar Gaeilge i gcló ar an suíomh seo. Suíomh maith eile is ea [siopaleabhar.com](http://siopaleabhar.com) (nó téigh díreach don siopa, 6 Sráid Fhearchair, BÁC). Tá mé chun díriú ar na leabhair a foilsíodh i 2019 san alt seo.

Do na daoine óga tá scéal na chéad Nollag trí shúile luchóige bige, Seán le léamh i *Suaimhneas sa Stábla*. Tá seanchlaisic a théann siar go dtí na sean-Ghréagaigh, *Fabhalscéalta Aesóip*. Tá



spéis ag páistí an lae inniu iontu fós. Tá bréagán beag bog le hais leabhar faoi *Bran*, an madra cáiliúil, ar an bhfeirm le fáil i *Cá bhfuil Bran*. Foilsíodh leabhair nua grafacha ó Dalen Éireann sna sraitheanna *Tintin* agus *Asterix* agus dhá leabhar d'aistriúcháin scéalta eile ón bhFrainc,




*Nioclás Beag Eachtraí* agus *Nioclás Beag Eachtraí Eile*. Sa tsraith *Bertie Brocach* tá dhá cheann nua freisin, *Brúcht!* agus *Smeais!* Cúpla leabhar eile is ea *Pádraigín Phléascach Raic agus Ribíní* agus *Is mise Manchán Maximus*. Tá an dara leabhar sa tsraith *Narnia* de CS Lewis, *An Capall agus a Ghiolla* le fáil chomh maith le leagan Gaeilge bunaithe ar Peter Pan, *Tír na Deo*. Tá leabhar nua foilsithe ag Orna Ní Choileáin, *Spéirling* agus is fiú a leabhairse a léamh i gcónaí. Leabhar grafach is ea *KOSTKA*. aistrithe ón bPolainnis faoi shaol Naomh Stanislaw Kostka.

Do daoine níos aosta tá raidhse leabhar ficsean (úrscéalta, gearrscéalta, filíocht) agus neamhfhicsean (beathaisnéis, stair) le fáil. Cuirim fáilte roimh leagan Gaeilge de scéalta Seapánacha a bhailigh Lafcadio Hearn, *Sayonara*, scéalta ón India, *An Eala Órga* agus na húrscéalta *Cití na gCártaí*, *Comhar na gCarad*, *Scaoilim uaim thú*, *An Buchcafé*, *Súil* agus *Ó Braonáin Abú!* agus *Triúr Amigos*.

Ar mó liosta féin tá úrscéal eachtraíochta (i stíl *Da Vinci Code*), *Tairngreacht*, úrscéal stairiúil *Cé mise?* a bhaineann le tréimhse na Réabhlóide agus eagrán nua de leabhar Sheáin de Fréine, *Croí Cine*, cnuasach de na céadta sliocht gairid as *litríocht na Gaeilge* ón séú céad aníos. Beidh leabhair neamhfhicsean á lorg agam fosta, *Saol Corrach*, *Ainm na Saoirse* le Aindrias Ó Cathasaigh faoi chastacht na dtéarmaí Gaelacha i dtús an Stáit, agus *Dochtúirí an Dóchais* (faoi stair Acadamh na Lianna 1968-2018).

Mar sin bí ag ceannach leabhar i nGaeilge agus bí á léamh!





## LÁ i mBAILE ÁTHA Í

Pádraig Mac Éil

Bhí sé fuar, dorcha agus ag lascadh báistí nuair a dhúisigh mé ag 5.30am. Bhí fonn orm fanacht sa leaba chompordach theolaí. Ach bhí socrú déanta agam le cara ó mhaidin chaife, Aodán, bualadh leis ag stáisiún Ráth Eanaigh ag 6.10am. Is ar éigean a bhí mé as an eastát ná gur bhraith mé uisce ag teacht isteach i mo bhuitais chlé. Bhí sé ródhéanach filleadh agus péire eile a chur orm. Bhí orm siúl chuig an stáisiún, 30 nóiméad nó mar sin. Bhuail mé le hAodán agus ar aghaidh linn chuig Stáisiún Uí Chonghaile ar an mearlín agus ó shin go dtí Stáisiún



Heuston ar an Luas chun an traein 10.25am go Baile Átha Í a fháil. Bhí mo phas shaorthaistil agam ach bhí ar Aodán bocht ticéad a cheannach - €19.50. Bhí slua maith ar an traein, an chuid is mó ag dul chuig Cill Chainnigh nó Port Láirge. Bhí aistear sócúlach seascair againn. Gheal an spéir ó am go ham ach nuair a shroich muid Baile Átha Í bhí an bháisteach ag titim fós.

Aistear gairid a bhí romhainn chuig Cearnóg an Mhargaidh agus an Iarsmalann áitiúil, ár gceann scríbe. Chuamar isteach agus níor chosain an ticéad ach €3. Chuir na freastalaithe, beirt bhan, fáilte Uí Cheallaigh romhainn.

Labhair duine acu linn faoi na rudaí a bhí le feiceáil sa taispeántas. D'fhéach mise ar fhógraí faoi na heaglaisí i dtús. Bhí baint ag an gceantar le Cumann na gCarad agus grúpa nua domsa, Na hUí Ceallaithe Bhí taispeántas an-suimiúil ann faoi Ernest Shackleton, a rugadh sa cheantar, agus na heachtraí a

bhí aige sa Mhol Theas, go háirithe an ceann sa bhád *Endurance*. Bhí mionsamhail den bhád féin le feiceáil agus b'iontach an radharc é. Is saineolaí ghluaisteán é Aodán agus bhí seisean gafa le taispeántas faoi Gordan Bennet agus an railí carranna seanré leis an ainm céanna a mbíonn ar siúl sa cheantar gach bliain. Bhí Aodán ina mhaor ag an railí nuair a bhí sé ní ba óige. Thaitin an gluaisteán seanré a bhí le feiceáil go mór liom. Bhí snas na stíle ag dearthóirí na laethanta sin. Bhí an chuid dheireanach den taispeántas faoi Chogadh Domhanda I agus faoi



na daoine ón gceantar a throid (agus a fuair bás) ann. Ní raibh mórán Gaeilge le feiceáil san iarsmalann faraor ach nuair a rinne mé gearán béasach do na mná dúirt siad go bhfuil plean mór acu Iarsmalann Shackleton a bhunú tríd an áit a fhairsingiú (agus an t-urlár uachtarach a úsáid), le bialann ann agus dealbh de leac oighear os comhair an fhoirgnimh. Gheall siad dom go mbeidh gach rud

dátheangach tar éis an athchóirithe. Feicimid! Bhí lón deas blasta, sceallóga agus cadóg, againn, i mbialann chónagarach don iarsmalann. Bhí freastalaithe cairdiúla ansin freisin.

Cé go raibh draonán báistí ann fós chuamar ag spaisteoireacht ar feadh tamaill. Tháingamar ar Túrtheach (Caisleán ón 15<sup>ú</sup> hAois) White in aice droichead beag dronnach thar an abhainn. Bhí sé ar díol. Má tá fonn ort é a cheannach chuir do thairiscint isteach go luath! Tháinig an bháisteach níos tréise ná riamh agus chuamar isteach i dtrí shiopa carthanais chun dídean ón díle a fháil. Ní féidir liom dul thar shiopa carthanais gan féachaint ar na leabhair cé go bhfuil na céadta acu sa bhaile nach bhfuil léite agam fós. Saghas galar atá ann. Ar aon nós cheannaigh mé baicle dóibh ina measc ceann faoi Naomh Pádraig agus ceann eile faoi dheasghnátha ríogachta in Éirinn roimh na meánaoiseanna. Tá súil agam go léifidh mé iad amach anseo! Ar ais go BÁC linn ansin. Shroich mé mo theach timpeall 10.20pm.

B'fhiú go mór lá (tirim, más féidir) a chaitheamh i mBaile Átha Í. Molaim daoibh cuairt a thabhairt ar an mbaile.






## CLIARA AGUS AN TAOBH Ó THUaidh

Diarmaid Ó Faoláin

Agus mé ag breathnú ar eagrán deireanach *An Taobh Ó Thuaidh*, bhí dhá alt ar oileáin an iarthair ann – Toraigh agus Na Blascaodaí. Mar sin, smaoiníos ar cheann eile, Cliara, agus faoin mbaint atá idir é agus an taobh ó thuaidh de Bhaile Átha Cliath. Oileán réasúnta mór (3,949 acra) é Cliara,

suite ag béal Chuan Mó i gCo Mhaigh Eo. Tá timpeall 150 duine ina gcónaí ann agus

chomh maith leis an iascaireacht, bádóireacht, feirmeoireacht, turasóireacht agus araile, tá obair le fáil an bhliain ar fad ar a bhfeirm éisc Atlantach - as a thagann Bradán Órgánach Chliara.



Caisleán Ghráinne Uaile ag cuan Chliara: an Cé



Tá seirbhís farantóireachta maith don oileán (níos fearr sa Samhradh). An radharc is túisce a bhfeictear is tú ag teacht isteach i gcuan an oileáin (An Cé) ná caisleán (túrtheach) Ghráinne Uaile - Gráinne Ní Mháille.

Ba bhean faoi leith í an bhanríon áitiúil, Gráinne Uaile, a chónaigh ann agus a raibh cumhacht ar thír is ar mhuir aici - díreach de réir a harmas, *terra marique potens* 'cumhachtach ar mhuir is ar thír. Chomh maith leis an gcaisleán ar Chliara, bhí cinn eile aici – go háirithe thart ar Chuan Mó. D'oibrigh sí astu lena complacht fear - suas le 200 duine. Gach sórt gnáth-thrádáil a bhí ar siúl aici agus bhíodh gallóglaigh á iompar aici ó Albain go Dún na nGall ar son Mhuintir Uí Néill agus Uí Dhónail. Théadh sí ag trádáil chomh fada le A Coruña (An Ghailís, in iarthuaisceart na Spáinne), áit ar imigh sí mar ghirseach lena hathair, Dubhdara. Deirtear gur ghearr sí a cuid gruaige uaithi chun bheith maisithe mar bhuachaill (a bheadh cead taistil aige) agus sin míniúcháin amháin ar a leasainm, 'Gráinne Mhaol'. Bhaineadh Gráinne cíós taistil ó na longa trádála a bhíodh ag dul tríd a dúiche fharraige - go háirithe iad siúd a bhí ag trádáil le cathair na Gaillimhe. Ní nach ionadh nár thaitin sin le trádálaithe na Gaillimhe agus bhaisteadh leasainm eile uirthi – Banríon na bhFoghlaithé Mara.

Is in aimsir bhanríon Eilís I, Shasana, a chónaigh sí – an bheirt acu beagnach ar chomhaois (circa 1530 - 1603AD). Bhí an tionscadal chun Éire a ghalldú ar siúl go

bríomhar agus go leatromach ag Eilís ag an am agus thosaigh sé seo, faoi choimirce Richard Bingham, gobharnóir Chonnacht (An Tiarna Lucan níos déanaí), ag cur isteach go mór ar Ghráinne, go háirithe nuair a cuireadh a mac, Tiobóid na Long, i bpríosún. Chinn sí ar imeacht chun caint le hEilís I í féin – bean le bean! Sheol sí a long go Sasana agus ar aghaidh léi suas An Tamais le litir don bhanríon Eilís i 1593. Cé go raibh an chontúirt ann go gcuirfí sa phríosún (agus araile) í mar fhoghlaí mara, tháinig an cuireadh a bhí á iarraidh uaithi tar éis tamaill. Tharla an t-agallamh idir an bheirt i gCaisleán Greenwich, áit samhraidh ar An Tamais do chlann Eilíse, na Túdaraigh. D'úsáid siad Laidin mar theanga cumarsáide. D'éirigh léi Tiobóid a scaoileadh agus fuair Gráinne cead coinneáil lena hobair ar thír is ar mhuir in iarthar na hÉireann ar son Eilíse! Ordaíodh do Bingham gan a bheith ag cur isteach uirthi agus níor ghabh sé í arís – rud nár thaitin leis ar ndóigh agus eisean tar éis 'buime gach éirí amach' a thabhairt uirthi ina thuairisc oifigiúil.

I gcuid a dó den scéal, breathnóimid ar an mbaint idir Gráinne Mhaol agus Binn Éadair i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath.



Duine maith riamh ní raibh  
D'iabh Máille acht 'n mharaidhe  
Fáidhe ne síne sibh sí  
Dine báidhe is bráithirrí.



## HOWZAT! - ÉINNE DON CHRUICÉAD?

Antóin Ó Shéaghdha



Cúpla mí ó shin, bhíos ag caint faoi shacar agus bhí a thrioblóidí féin, go leor acu, ag Cumann Peile na hÉireann ina dhiaidh sin. Ní faoi aon rud a dúirt mise, tá súil agam! Níl mo chúpla focal chomh tábhachtach sin. Níl siad tábhachtach in aon chor ach chun faoiseamh a thabhairt do mo theannas nuair a bhím ag smaoinreamh faoin ‘spórt’ sin. An t-am seo, táim ag caint faoi chluiche eile. Ní hé an Chaid (peil), mar tá an ‘cúig chinn as a chéile’ buaite ag na **Dubs** agus mar sin tá go leor Gaeilgeoirí ón gcathair in ann onóir a thabhairt don fhoireann cháiliúil atá anois ag Átha Cliath. Ach tá orm comhghairdeas speisialta a rá do Jack McCaffrey, Ciarán Kilkenny agus Michael Daragh McCauley, atá dílis don Ghaeilge.



Tá mise ag caint inniu faoi Chruicéad. Cad atá ag tarlú in aon chor a deir tú? Ciarraíoch ag caint faoi chruicéad. Ní hionadh gur theip orthu sa chluiche ceannais. Tá fhios agam nach bhfuil an tsuim chéanna i gcruicéad is atá i spóirt eile, ach ó bhíos an-óg, bhí suim agam sa spórt sin. Níl fhios agam go cinnte conas a tharla sé. Nuair a bhíos ag fás aníos i gCiarraí, bhí m’athair mar eitleoir leis an RAF (Aerfhórsa Ríoga). Bhí sé ann ó 1938 go 1963. An bhliain tar éis é dul isteach san RAF, thosaigh Cogadh Domhanada II, ach dúirt sé liom nár thosaigh sé é agus mar is eol daoibh, fear darbh ainm Hitler a bhí ciontach!! Bhí an t-ádh dearg ar m’athair nár maraíodh é sa dara cogadh domhanda mar maraíodh beagnach leath do na heitleoirí a bhí san RAF i rith an chogaidh. D’fhan sé mar eitleoir tar éis an chogaidh agus ní raibh suim ar bith aige i gcruicéad.

Ar aon nós, ar ais chuig an chruicéad. Toisc nach raibh aon ghuthán ná teilifís againn ag an am sin, agus go raibh m’athair ag dul leis an RAF go tíortha ina raibh trioblóidí ag tarlú, bhíodh mo mháthair i gcónaí ag éisteacht leis an BBC chun an nuacht is déanaí a chloisteáil faoi rudaí a bhí ar siúl. Ag an am sin, bhí an cruicéad á chraoladh ar an BBC cosúil leis an lá inniu agus nuair nach mbíodh mórán le déanamh, thosaigh mé ag éisteacht leis na cluichí. Ar dtús, bhí ionadh an domhain orm go mbeadh cluiche ar siúl ar feadh cúig lá agus tar éis sin go mbeadh an cluiche cothrom. Ní raibh aon cluichí 50 nó 20 cor babhlála ag an am sin ach Cruicéad Tástála. Bhí imreoirí cosúil le Colin Cowdrey, Fred Trueman agus Geoffrey Boycott ag imirt le Sasana, Richie Benaud ón Astráil, Gary Sobers ón Na hIndiacha Thiar agus go leor eile ón India, ón Afraic Theas agus ón Phacastáin. Ní raibh foireann cháiliúil ag Éirinn an t-am sin.

Roinnt blianta ó shin, nuair a bhíos ró-aosta don chaid, bhaineas triail as an gcruicéad agus bhain mé an-taitneamh as. Bhíos in ann bheith mar bhabhlálaí, mar slacaí, mar ghabhálaí an geaitín agus ar an fhoireann gabhála. Cén saghas imreoir ab ea mé? Bhuel, bhí áthas orm nuair a bhíos mar bhabhlálaí, ach anois is arís bhí orm dul isteach mar shlacaí. Níor bhain mé amach mórán rití ach níor chaill mé mórán geaitíní ach oiread. Níor mhaith liom bheith ag imirt i gcuid do na háiteanna ar an bpáirc mar shampla ‘neascúl domhain’ nó ‘i bhfad ar thaobh an tslacáin’ nó ‘i bhfad ar thaobh na coise’, mar tá siad i bhfad ón slacaí. Tá na sciorthaí in áiteanna deasa chun an liathróid a ghabháil agus stáice a thógáil.







## REACHRAINN

Seán Ó Fearghail

D'fhás mé aníos gar do chósta Thuaisceart Chontae Átha Cliath, agus i rith mo shaoil bhí mé in ann Reachrainn, nach bhfuil ach 4 chiliméadar amach ó Phort Reachrann, a fheiceáil ónár dteach. Ach ní raibh mé riamh in ann dul isteach ann. Oileán príobháideach a bhí ann i gcónaí agus ní raibh an t-úinéir, an 6<sup>ú</sup> Tiarna Revelstoke, sásta go mbeadh strainséirí ag póirseáil timpeall ar a thalamh. Ach tháinig athrú ar an scéal i 2012 nuair a tháinig Alex Baring an 7<sup>ú</sup> tiarna i seilbh ar an oileán. Anois bíonn cead ag grúpaí beaga cuairt eagraithe a thabhairt.

Rinne na Lochlannaigh a gcéad ionsaí in Éirinn ar Reachrainn in 795 AD, agus ón 16<sup>ú</sup> céad bhí caisleán beag ann. Sa bhliain 1904 cheannaigh an teaghlach Barings, ar leo an banc ar dtit an tóin as i 1995, an t-oileán agus d'fhostaigh siad Sir Edwin Lutyens chun teach nua agus gairdín foirmiúil a dhearadh. Ag an am céanna rinne Lutyens athdhearadh ar na tithe ag an stáisiún garda cósta agus ar shéipéal an oileáin.

Na laethanta seo níl ach teaghlach an úinéara ina gcónaí ar an oileán, ach bíonn cead ag an teaghlach sínte fanacht sna tithe ag an sean stáisiún garda cósta agus uaireanta cuirtear ceann amháin de na tithe amach ar cíos do chuirteoirí.

I mí Mheán Fómhair 2018 fuair mé deis cuairt a thabhairt ar Reachrainn. Cuireann Skerries Sea Tours turais ar fáil agus d'eagraigh Na Cnocadóirí, club siúil a bhfuil mé mar bhall de, go rachadh grúpa 23 duine againn isteach ann. Turas báid 20 nóiméad amach ó Mhullach Íde a bhí i gceist agus ansin turas treoraithe timpeall an oileáin. Bhí an-chur síos ag an treoraí ar stair an oileáin, ar an teaghlach agus ar na foirgnimh go léir. Shiúlamar timpeall an oileáin. Chonaiceamar an séipéal agus an gairdín foirmiúil. Tá an gairdín sin ag dul i bhfiáin na laethanta seo – i ndáiríre bheadh garraíodóir lánaimseartha de dhíth chun smacht a choimeád air. Bhí deis againn an tuama



meigiliteach ag an bpointe is airde, Cnoc Bán 127 m, a fheiceáil agus an áit ar imigh an *Tayleur* go tóin poill i mí Eanáir 1854 nuair a bádh idir 300 agus 380 duine. Rud eile atá an-suimiúil, ach saghas ait i mbealach, ná go bhfuil tréad valbaithe le feiceáil ar chúl an oileáin. Fuarthas ó Ghairdíní na nAinmhithe roinnt blianta ó shin iad agus ó am go ham déantar ciondíothú orthu agus bíonn an fheoil ar díol sa bhúistéir i Mullach Íde. Chaitheamar roinnt ama sna cúirteanna ina n-imrítí

leadóg phinniúir tráth, ach tá siad ag tosú ag meath anois.

Ní raibh cead againn an teach agus an seanchaisleán a fheiceáil, mar is teach cónaithe teaghlach é. Is féidir cuairt speisialta a thabhairt air, áfach, ach í a eagrú trí Chumann Seirseach na hÉireann.

Tá Reachrainn feicthe agam, tá mé sásta anois, ach má bhíonn fonn orm seachtain chiúin a chaitheamh i bhfad ón saol mór beidh mé in ann an teach beag sin thíos ag an gcuán a fháil ar cíos. Ansin beidh ciúnas agam chun mo leabhar a scríobh.






# CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-42

TRASNA



SÍOS




1	spire (6)	2	draughts (7)
5	apathetic (6)	3	attention (4)
9	apple (3)	4	covenant (6)
11	rosary (7)	5	cave (6)
12	consonance (7)	6	failure (4)
13	leash (4)	7	over again (7)
14	there (5)	8	stave (6)
16	oak (4)	10	gap (6)
18	beginning (3)	15	tanner (7)
20	estate (6)	17	rake (4)
23	sandy (6)	19	gentle (5)
25	hardship (7)	21	lime (3)
26	batsman (6)	22	three (3)
28	client (6)	23	hindrance (3)
31	tall (3)	24	lamb (3)
33	eight (4)	26	facility (7)
34	from the south (5)	27	reproach (7)
35	crowd (4)	29	exercise! (7)
38	ancient (7)	30	laity (5)
39	thin! (7)	31	kitchen (6)
40	new (3)	32	cadetship (6)
41	Art Gallery (7)	36	complexion (4)
42	rich (7)	37	in her (4)



## CUARDACH FOCAL 42

éisc 2 / fish 2

L	B	C	Ó	R	N	Í	C	R	I	U	M	C	C	G
A	O	A	E	A	H	L	Á	N	G	A	U	U	I	I
R	I	N	E	A	E	C	A	Í	É	G	R	L	Í	L
A	N	Í	L	A	B	R	A	B	A	E	I	O	O	N
B	N	H	M	H	Í	N	I	S	R	N	C	I	H	Í
N	Í	M	A	C	N	A	L	P	Ó	A	Í	M	C	C
E	T	I	H	A	C	D	M	T	G	L	N	E	Á	I
A	I	Á	C	E	G	I	O	R	H	M	A	E	S	R
S	O	S	A	L	O	Í	B	N	I	N	Ó	T	Ó	I
C	A	B	E	L	N	A	E	G	N	I	O	D	L	U
E	F	L	S	I	A	C	N	R	A	A	P	O	A	M
N	Í	T	O	A	F	Í	U	I	C	M	G	R	T	E
N	A	B	L	C	L	Á	P	M	S	A	S	N	I	I
F	O	T	A	I	N	A	C	S	A	E	E	O	A	O
A	C	R	G	Ó	R	H	M	A	E	S	A	C	F	L



alósach (allis shad)	géaróg (bitterling)
barbal (barbel)	gilín (bleak)
boiniótó (bonito)	langa (ling)
cailleach (hag fish)	loimpre (lamprey)
ceannruán (blenny)	muiricín (pogge)
doingean (bass)	roc (ray)
eascann (eel)	sáimhín (Ray's bream)
faoitín (whiting)	seamhróg (goby)



FOCLÓIR		
níos treise: <b>stronger</b> forbairt: <b>development</b> fostú: <b>employment</b> díomá: <b>disappointment</b> imleabhar: <b>volume</b> gníomhach: <b>active</b>	binse comrádaí: <b>buddy bench</b> dearadh: <b>design</b> tairiscint: <b>offer</b> beartas: <b>undertaking</b> todhchaí: <b>future</b> leithroinnt: <b>allotment</b>	dronnach: <b>humpbacked</b> dídean: <b>shelter</b> Cliara: <b>Clare Island</b> Cuan Mó: <b>Clew Bay</b> armas: <b>coat of arms</b> foghlaí mara: <b>pirate</b> leatromach: <b>oppressively</b> Tamais: <b>Thames</b> buime: <b>nurse</b>
dorchadas: <b>darkness</b> seachrán: <b>wandering</b>	plódaithe: <b>crowded</b> luchóg: <b>mouse</b> fabhalscéal: <b>fable</b> bréagán: <b>toy</b> bunaithe ar: <b>based on</b> raidhse: <b>abundance</b> úrscéal: <b>novel</b> beathaisnéis: <b>biography</b> tairngracht: <b>prophecy</b> sliocht: <b>excerpt</b> castacht: <b>complexity</b>	teannais: <b>stress</b> eitleoir: <b>flyer</b> cor babhála: <b>over</b> Cruicéad Tástála: <b>Test Cricket</b> babhlálaí: <b>bowler</b> slacaí: <b>batsman</b> gabhálaí an gheaitín: <b>wicketkeeper</b> foireann gabhála: <b>fielding team</b> rith/rití: <b>run/runs</b> geaitín: <b>wicket</b> neaschúl: <b>fine leg</b> i bhfad ..an tslacáin: <b>long-off</b> i bhfad,,na coise: <b>long-on</b> sciorthaí: <b>slips</b>
bothán: <b>shed</b> Port Reachrainn: <b>Portrane</b> Domhnach Bat: <b>Donabate</b> Thug...faoi deara: <b>noticed</b> meabhairsláinte: <b>mental health</b> cumarsáid: <b>communication</b> comhroinnt: <b>share</b> Aoisghníomhaíocht: <b>Age Action</b> dúshlán: <b>challenge</b> Pluais na nGasóg: <b>Scout Den</b> iniompartha: <b>portable</b> idirchaidreamh: <b>liaison</b> den chéad scoth: <b>of the first quality</b> tionscadal: <b>project</b> árachas: <b>insurance</b> chinneamar: <b>decided</b> fulachtaí: <b>barbeques</b> ceardaíocht: <b>craftwork</b> ríomhaireacht: <b>computer</b> slachtmhar: <b>tidy</b> garraíodóireacht: <b>gardening</b> ag cóiriú: <b>doing up</b> tinreamh: <b>attendance</b>	Baile Átha Í: <b>Athy</b> lascadh: <b>lashing</b> teolaí: <b>warm</b> buatais <b>boot</b> mearlíne: <b>dart</b> sócúlach: <b>comfortable</b> seascair: <b>snug</b> ceann scríbe: <b>destination</b> Cumann na gCarad: <b>Quakers</b> mionsamhail: <b>model/miniature</b> saineolaí: <b>expert</b> maor: <b>marshal/steward</b> snas: <b>excellence</b> draonán: <b>drizzle</b>	Reachrainn: <b>Lambay Island</b> póirseáil timpeall: <b>poke around</b> ciondíothú: <b>cull</b> leadóg phinniúir: <b>real/royal tennis</b> meath: <b>deteriorate</b>
		claochlaitheach: <b>variable</b> eolach: <b>knowledgeable</b>

**CROSFHOCAL BG XBG-41:**

1	A	2	M	H	3	A	I	4	L	5	C	A	6	L	A	7	D	H	8	S	9	Ú	L	L	10	O	A	11	C	
8	S		Í		R		Ú	L	L		O		A						10	C										
11	O	I	L	E	Á	I	N			12	U	A	C	H	T	A	R													
	R		E		N		A			A		H		H		Ó														
12	N	E	A	D		14	Ó	S	15	A	I	S		16	D	Ú	I	L												
	Ó		T		17	Á		18	A	I	S		19	S		I		A												
20	G	21	L	A	S	R	22	A		B		23	B	A	L	L	24	Ó	G											
	A				25	S	E	O	R	D	Á	N		B																
26	T	Í	27	O	G	A	R		E		28	D	A	L	29	L	Ó	30	G											
	A		I					31	C	Á	32	G		S		Á		L												
33	O	R	D	Ú		34	D	O	N	A	S		35	S	T	U	A													
	I		E		36	A		G		L		37	B		H		M													
38	S	A	O	R	T	H	A			39	L	Á	R	N	A	C	H													
	C		I		H		40	D	H	Á		Ó		I																
	41	B	R	U	A	C	H			42	N	Á	D	Ú	R	A	Í													

**CUARDACH FOCAL 41: RÉITEACH**

P	Í	O	C	A	E	S	N	U	M	Í	N	C	A	R
I	P	Ó	L	N	T	A	P	U	E	R	M	I	N	E
C	Ó	E	H	Í	O	R	I	N	E	L	O	V	I	R
C	L	R	H	M	A	N	O	A	Í	N	B	L	C	M
A	A	Ó	P	I	S	A	C	N	U	M	I	H	Í	
T	T	Ú	V	E	O	O	A	H	I	F	R	A	Á	N
A	N	H	A	L	I	R	B	F	I	M	M	Í	Í	S
M	A	C	L	P	H	P	A	A	L	S	I	A	E	Á
R	H	R	E	F	A	O	T	C	T	Ú	M	É	I	B
A	C	S	A	C	I	L	E	A	S	A	V	O	L	L
M	N	Ú	H	C	L	A	R	C	E	A	B	N	I	E
E	R	M	H	N	Ú	T	M	S	B	O	C	Ú	F	T
L	M	Ú	C	Ú	C	N	L	I	O	A	F	H	I	N
C	O	B	A	T	N	A	B	O	N	T	O	C	N	A
A	N	T	O	M	R	Á	M	A	R	C	O	B	T	B

**SEANFHOCAL**  
Glacann fear críonna comhairle  
*A wise man accepts advice*



## SIÚLÓIRÍ na hAOINE

Pádraig Mac Éil

Beagnach gach Aoine nuair a bhíonn an ghrian ag spalpadh anuas nó an bháisteach ag titim anuas tagann Siúlóirí na hAoine le chéile san IFI, Cearnóg Theach an Tionóil, Baile Atha Cliath. Téimid ag siúl nuair a bhíonn an aimsir go maith agus ar cuairt chuig iarsmalann, dánlann nó chuig séipéil nó teach stairiúil éigin nuair a bhíonn sé fliuch. Ní tharlaíonn rudaí mar seo, go háirithe i saol na Gaeilge, gan mórobair sa chúlra. Tá ár gcúigear cróga againn a roghnaíonn ár gceann scríbe gach seachtain agus toisc aimsir na tíre chomh claochlaitheach sin bíonn orthu dhá cheann scríbe a bheith acu i gcónaí. Níl a fhios agam conas atá siad in ann leanúint ar aghaidh seachtain i ndiaidh seachtaine. Tá Máiréad Darcy, Máiréad de Búrca agus Billy Wall ann ó thosaigh na Siúlóirí agus tháinig Muireann Murtagh agus Seán Ó Cadhain ar bord chun cuidiú leo níos déanaí. Mar sin mo mhíle buíochas dóibh as ucht na hoibre go léir ar son na Siúlóirí. Tá níos mó pictiúir agus píosaí ealaíne feicthe agam ó thosaigh mé ag siúl leo



ná mar a bhí feicthe agam i mo shaol go léir roimhe sin. Tá eolas agam anois faoi áiteanna éagsúla sa Phríomhchathair agus a stair nach raibh agam go nuige seo.



Bhí ár gCóisir Nollag againn 6 Nollaig i dTeach Charlemont - ta, caife agus ceapairí agus, fiú cúpla pióg mionra an duine againn i dtús. Ansin bhí seans againn ár dtallann a thaispeáint trí scéalta, dánta, agus amhráin. I mbliana bhí an méid sin duine sásta rud a dhéanamh ná gur leanamar thar am. Le Seán Ó Cadhain mar fhear an tí agus ceol binn an chonsairtín ó Philib Sexton bhí sár-fhéile againn. Mar is gnáth bhí amhrán nua scríofa ag ár bhfile cónaithe, Seán Ó Meara agus bhí sé go fileata rithimeach mar is gnáth. Nílím críochnaithe don bhliain fós agus cheana féin, tá súil agam, tá na treoraithe eolacha ag cur liostaí le chéile de na cinn scríbe a bheidh againn i 2020. Cuirimid fáilte roimh bhail nua. Mar sin má tá fonn ort siúl agus comhrá a dhéanamh i nGaeilge bí linn san Athbhliain!



Billy Wall



Seán Ó Cadhain, Máiréad Darcy, Máiréad de Búrca, Muireann Murtagh